

## Conas is féidir liom scagthástáil ceirbheacs a shocrú?

Nuair a fhaigheann tú do litir chuiridh, déan coinne le dochtúir nó le haltra atá cláraithe le CervicalCheck. Gheobhaidh tú liosta díobh ar [www.cervicalcheck.ie](http://www.cervicalcheck.ie). Mar mhalairt air sin, is féidir leat glao a chur orainn ar Shaorghlao 1800 45 45 55.

Mura bhfaigheann tú litir chuiridh, cuir glao orainn ar 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin. Más rud é go bhfuil tú os cionn 25 bliana d'aois agus nach raibh scagthástáil CervicalCheck agat riamh, déan coinne le dochtúir nó le haltra atá cláraithe le CervicalCheck. Cuir glao ar CervicalCheck ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar [www.cervicalcheck.ie](http://www.cervicalcheck.ie) chun liosta a fháil de na dochtúirí agus de na haltraí atá cláraithe linn.

## An bhfuil aon táille i gceist leis an tástáil?

Is saor in aisce atá an scagthástáil ceirbheacs a sholáthraítear trí chlár scagthástála CervicalCheck.

## Do thoiliú a thabhairt

Ní mór duit do thoiliú a thabhairt chun páirt a ghlacadh i gclár scagthástála CervicalCheck.

Tá do thoiliú ag teastáil chun:

- a thaispeáint gur insíodh duit faoi scagthástáil ceirbheacs agus go dtuigeann tú na tairbhí agus na laigí a bhaineann léi; agus
- cead a thabhairt do CervicalCheck do shonraí pearsanta agus do stair scagthástála ceirbheacs a thaifeadadh, a stóráil agus a chomhroinnt leo sin a sholáthraíonn an clár scagthástála.

Is le do rannpháirtíocht i gclár CervicalCheck a bhaineann do stair scagthástála ceirbheacs. Áirítear an fhaisnéis seo a leanas inti: torthaí ar thástálacha smearaidh agus HPV, faisnéis faoi fhreastal ar cholpascópacht, cóireálacha, agus torthaí bithóipse.

## Conas is féidir liom toiliú a thabhairt?

Nuair a fhreastalaíonn tú ar choinne scagthástála ceirbheacs, iarrfar ort Foirm Scagthástála Ceirbheacs a shíniú. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, is féidir leat do thoiliú a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm os comhair dochtúra nó altra. Is tusa an t-aon duine a fhéadfaidh do thoiliú a thabhairt chun páirt a ghlacadh sa chlár. Ní fhéadfaidh aon duine eile toiliú a thabhairt thar do cheann.

## Conas a úsáidfidh CervicalCheck mo chuid faisnéise?

Úsáidfidimid do chuid faisnéise chun:

- cuireadh a thabhairt duit freastal ar scagthástáil saor in aisce nuair a bheidh do chéad tástáil eile dlíte;
- litir a sheoladh chugat nuair a bheidh do thorthaí ar fáil; agus
- comhairle a thabhairt duit maidir leis na chéad chéimeanna eile.

Comhroinnfidimid do stair scagthástála le saotharlanna, le clinici colpascópachta agus, nuair is infheidhme agus leis an gClár Náisiúnta Ailse. Déantar amhlaidh ionas gur féidir linn an clár scagthástála a sholáthar. Is féidir go n-úsáidfean an sleamhnán ó do scagthástáil chun críocha teagaisc agus chun cáilíocht chlár CervicalCheck a mheas. Is féidir go n-úsáidfean do chuid faisnéise freisin chun cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i dtaighde. Beidh sé de rogha agat féin páirt a ghlacadh ann nó gan páirt a ghlacadh ann. Ní thabharfaidh CervicalCheck d'ainm in aon tuarascálacha, in aon obair theagaisc ná in aon athbhreithnithe choíche.

## Conas a dhéantar an scagthástáil ceirbheacs?

Tógfaidh dochtúir nó altra sampla de chealla ó do cheirbheacs. Tá seans ann go mbeidh sé sin beagáinín míchompordach, ach níor cheart go mbeadh sé pianmhar. Níor cheart go mairfeadh an tástáil ach cúpla nóiméad. Cuirfidh dochtúir nó altra ionstraim ar a dtugtar spéacalam isteach go séimh i d'fhaighin chun í a choinneáil ar oscailt. Is é an ceirbheacs an áit a dtéann

barr na faighne chuig an útaras (broinn). Bainfidh an dochtúir nó an t-altra úsáid as cineál speisialta scauibín chun sampla ceall a thógáil ón gceirbheacs.

Seolfar an sampla chuig an tsaotharlann ansin, áit a scrúdófar faoi mhicreascóp é chun a fheiceáil an bhfuil aon athruithe ann. Ag brath ar an toradh, is féidir go dtástálfar do shampla i gcomhair cineálacha d'ionfhabhtú HPV a bhfuil baint acu le hathruithe i gcealla an cheirbheacs.

## Cén uair a gheobhaidh mé an toradh ar an scagthástáil?

Scríobhfaimid chugat nuair a bheidh do thoradh réidh chun a insint duit cad ba cheart duit a dhéanamh ansin. Gheobhaidh tú an toradh iarbhrí ón dochtúir nó ón altra a rinne an tástáil. I bhformhór na gcásanna, is normálta atá na torthaí. Fiú amháin sa chás nach normálta atá do thoradh, ní gá go gciallaíonn sé sin go bhfuil ailse ort. Tá seans ann go bhfuair tú an toradh sin mar gheall ar ionfhabhtú nó ar mhionathruithe sna cealla. Mura bhfaigheann tú toradh normálta, tá seans ann go mbeidh scrúdú níos mionsonraithe ar a dtugtar colpascópacht ag teastáil uait.

## Cad is colpascópacht ann?

Is ionann colpascópacht agus scrúdú mionsonraithe ar an gceirbheacs. Soláthraítear colpascópachtaí saor in aisce mar chuid de chlár scagthástála CervicalCheck. Cuireann dochtúir nó altra an scrúdú i gcrích i gclinic othar seachtrach in ospidéal poiblí. Má theastaíonn colpascópacht uait, tabharfaidh an dochtúir nó an t-altra a rinne do scagthástáil tuilleadh faisnéise duit agus cuirfidh sé/sí thú ar aghaidh chuig clinic colpascópachta de do rogha. Tá liosta de na clinici sin ar fáil ar [www.cervicalcheck.ie](http://www.cervicalcheck.ie).

## Aiseolas agus faisnéis teagmhála

Glacfaidh CervicalCheck le haon aiseolas.

Ríomhphost: [info@cervicalcheck.ie](mailto:info@cervicalcheck.ie)


Saorghlao: 1800 45 45 55

Suíomh Gréasáin: [www.cervicalcheck.ie](http://www.cervicalcheck.ie)

Post: CervicalCheck, Saorphost LK407, Luimneach

  
**CervicalCheck**  
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS  
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME

# Maidir le do scagthástáil ceirbheacs saor in aisce



Sábháiltear beatha daoine le scagthástáil ceirbheacs.

## Cad is CervicalCheck ann?


Is é CervicalCheck an Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs. Tairgeann sé scagthástáil ceirbheacs saor in aisce do gach bean idir 25 bliana d'aois agus 60 bliain d'aois. Tá sé mar aidhm ag CervicalCheck an líon cásanna ailse ceirbheacs a laghdú in Éirinn.

## Cad is ailse cheirbheacs ann?

Cineál ailse atá le fáil i gcealla an cheirbheacs (muineál na broinne) is ea ailse cheirbheacs. Gach bliain, diagnóisítear 295 bhean in Éirinn go bhfuil ailse cheirbheacs orthu. Athraíonn cealla ceirbheacs go mall agus tógann sé cuid mhór blianta orthu chun a fhorbairt ina gcealla ailse. Fágann sé sin gur féidir na cealla a aimsiú agus a chóireáil sula bhforbróidh siad ina n-ailse cheirbheacs.

## Conas is féidir liom laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtiocfaidh ailse cheirbheacs orm?

- Bíodh scagthástálacha ceirbheacs rialta agat.
- Éirigh as an tobac má chaitheann tú.
- Tabhair cuairt ar do dhochtúir nó ar altra más rud é go bhfuil aon ábhair imní agat nó go bhfuil aon chomharthaí ort, mar shampla, fuiliú neamhrialta, spotáil nó sileadh ó d'fhaighin.



## Cad atá i gceist le scagthástáil ceirbheacs?

Is é atá i gceist le scagthástáil ceirbheacs ná cuireadh a thabhairt do mhná scagthástáil ceirbheacs a fháil. Le linn na tástála sin, féachtar ar cé acu atá nó nach bhfuil aon athruithe ann i gcealla an cheirbheacs agus déantar iarracht na hathruithe sin a shainaithint sula bhforbróidh siad ina n-ailse cheirbheacs. Ní tástáil i gcomhair ailse cheirbheacs í. Ní féidir léi athruithe sa bhroinn, sna feadáin fhallópacha, sna hubhagáin ná i gcodanna den fhaighin a bhrath ach oiread.

Is ar mhná nach bhfuil aon chomharthaí orthu atá scagthástáil ceirbheacs dírithe.

## Cén bhaint atá ag an méid seo le papalómaivíreas daonna (HPV)?

Is coiteann atá athruithe i gcealla an cheirbheacs. Ina lán cásanna, fillfidh na cealla ar a ngnáthriocht gan chóireáil.

Tá papalómaivíreas daonna (HPV) ina chúis le formhór na n-athruithe. Is é is HPV ann ná ionfhabhtú víreasach coiteann a scaiptear de ghnáth trí theagmháil craicinn le linn gnéis. Má bhí gnéas agat riamh, is dóigh gur tháinig tú i dteagmháil le HPV. Tá níos mó ná 100 cineál HPV ann. Cé nach bhfuil formhór díobh ina gcúis le hathruithe i gcealla an cheirbheacs, is amhlaidh go dtagann athruithe as cineálacha áirithe HPV, go háirithe cineálacha 16 agus 18. Is ag na cineálacha sin atá baint le forbairt ailse ceirbheacs. Is féidir le hionfhabhtuithe HPV bheith ann le cuid mhór blianta go dtí go dtiocfaidh aon chomharthaí chun cinn. Tá seans ann go nglanfaidh ionfhabhtuithe suas leo féin freisin. Mura dtarlaíonn sé sin, tá tú i mbaol méadaithe athruithe a fhorbairt i gcealla an cheirbheacs agus tá seans ann go mbeidh cóireáil ag teastáil uait dá bharr sin. Tá vacsaíniú HPV ar fáil in Éirinn tríd an gclár vacsaínithe scoile. Leis an vacsaín, tugtar cosaint do dhaoine ar HPV 16 agus 18.

Mar sin féin, beidh scagthástálacha ceirbheacs rialta ag teastáil uait go fóill toisc nach dtugtar leis an vacsaín cosaint ar na cineálacha uile de HPV a bhfuil baint acu le hathruithe i gcealla an cheirbheacs. Is féidir leat tuilleadh faisnéise faoi HPV a fháil ag [www.HPV.ie](http://www.HPV.ie).

## Cé na tairbhí a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs?

Is féidir le scagthástáil ceirbheacs laghdú a dhéanamh ar an líon cásanna ailse ceirbheacs le himeacht ama. Is féidir le scagthástáil ceirbheacs luath-athruithe i gcealla an cheirbheacs a bhrath sula dtabharfaidh tú aon chomharthaí faoi deara. Má chóireáiltear na cealla mínormálta sin, cabhraítear le forbairt ailse ceirbheacs a chosc. A luaithe a aimseofar cealla mínormálta, is amhlaidh is éasca a bheidh sé iad a chóireáil.

## Cé na laigí a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs?

Ní bheifear in ann ailse cheirbheacs a chosc le scagthástáil ceirbheacs i ngach cás, áfach. Cosúil le scagthástálacha eile, ní go hiomlán cruinn atá scagthástálacha ceirbheacs.

- Is féidir toradh diúltach a fháil fiú amháin sa chás go bhfuil athruithe ann i gcealla an cheirbheacs (tugtar toradh bréagdiúltach air sin). Mar sin, tá sé tábhachtach go mbíonn tástálacha rialta agat agus go rachaidh tú i gcomhairle le do dhochtúir má tá aon chomharthaí ort.
- Is féidir toradh dearfach a fháil fiú amháin sa chás nach bhfuil aon athruithe ann i gcealla an cheirbheacs (tugtar toradh bréagdearfach air sin). Más dearfach atá do thoradh, tairgfear imscrúdú níos mionsonraithe duit. Tugtar colpascópacht ar an imscrúdú sin. Is féidir go gcóireálfar mná áirithe i gcomhair mínormáltachtaí a ghlan suas leo féin.

## Cén fáth ar cheart dom scagthástálacha ceirbheacs rialta a fháil?

Má fhaigheann tú scagthástáil ceirbheacs rialta, cabhrófar le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go bhforbróidh tú ailse cheirbheacs. Is mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs rialta ná na laigí a bhaineann léi. Le clár scagthástála amhail CervicalCheck, d'fhéadfaí an líon cásanna ailse ceirbheacs a laghdú faoi suas le 80% le himeacht ama.

## Cé hiad na daoine ar cheart dóibh scagthástáil ceirbheacs a fháil?

Más rud é go bhfuil tú idir 25 bliana d'aois agus 60 bliain d'aois agus go raibh tú gníomhach go gnéasach riamh, ba cheart duit scagthástálacha ceirbheacs rialta a fháil. Áirítear leis sin mná atá i mbun caidreamh comhghnéis. Déan teagmháil le do dhochtúir nó le haltra mura bhfuil tú cinnte cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn scagthástálacha ceirbheacs uait. Má bhí histireachtóime agat, labhair le do dhochtúir chun a fháil amach cé acu is gá nó nach gá duit leanúint le scagthástálacha ceirbheacs rialta a fháil.

## Cé chomh minic agus ba cheart dom scagthástáil ceirbheacs a fháil?

Mura léirítear aon mhínormáltachtaí ná ionfhabhtú HPV sa toradh ar do thástáil, tairgfídh CervicalCheck scagthástáil saor in aisce duit:

- gach trí bliana má tá tú idir 25 bliana d'aois agus 44 bliana d'aois, agus
- gach cúig bliana má tá tú idir 45 bliana d'aois agus 60 bliain d'aois. (Is gá duit dhá thoradh den chineál sin a fháil sula bhféadfaidh tú cáiliú do scagthástáil a fháil gach cúig bliana.)

Más rud é go bhfuil tú os cionn 60 bliain d'aois agus nach raibh tástáil CervicalCheck agat riamh, déan teagmháil le dochtúir nó le haltra atá cláraithe le CervicalCheck chun labhairt leo faoi thástáil a fháil. Gheobhaidh tú liosta dochtúirí agus altraí ar [www.cervicalcheck.ie](http://www.cervicalcheck.ie).

## Cad é an t-am is fearr chun an tástáil a fháil?

Is fearr scagthástáil ceirbheacs a fháil nuair nach bhfuil tú ar do chúrsaí.